# CINNEADH (AE) 2019/276 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Nollaig 2018

## maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]), agus go háirithe pointe 12 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go bhféadfar maoiniú a dhéanamh ar chaiteachas atá sainaitheanta go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([2]) é, an uasteorainn leis an méid bliantúil a bheidh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta, arna méadú, i gcás inarb infheidhme le méideanna atá dulta i léig agus arna gcur ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

(3) D'fhonn príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, ar insreabhadh na ndídeanaithe agus ar bhagairtí slándála, is gá méideanna breise suntasacha a shlógadh chun na cláir agus na bearta sin a mhaoiniú mar ábhar práinne.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais d'fho-cheannteideal 1a (Iomaíochas le haghaidh fáis agus post) agus de cheannteideal 3 (Slándáil agus saoránacht), is gá an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun an maoiniú atá ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2019 a fhorlíonadh thar uasteorainn fho-cheannteideal 1a le EUR 178 715 475 chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus cheannteideal 3 le EUR 985 629 138 chun bearta a mhaoiniú i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála.

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh na hIonstraime Solúbthachta, ba cheart iad a leithdháileadh thar roinnt blianta airgeadais.

(6) Chun go bhféadfar úsáid a bhaint as na cistí go tapa, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo roimh thús na bliana airgeadais 2019.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2019, déanfar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun EUR 178 715 475 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi fho-cheannteideal 1a (Iomaíochas le haghaidh fáis agus post) agus EUR 985 629 138 i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht).

Úsáidfear an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun príomhchláir a atreisiú le haghaidh iomaíochas an Aontais agus chun bearta a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, ar insreabhadh na ndídeanaithe agus ar bhagairtí slándála.

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

2. Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, is é seo a leanas meastachán na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh na hIonstraime Solúbthachta.

(a) EUR 548 740 834 in 2019;

(b) EUR 257 223 207 in 2020;

(c) EUR 135 194 558 in 2021;

(d) EUR 140 942 662 in 2022;

(e) EUR 82 243 352 in 2023.

Déanfar na méideanna sonracha de leithreasuithe íocaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais a údarú i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 12 Nollaig 2018.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BOGNER-STRAUSS